




Inspiring Science Education

Rochtain a sholáthar ar
acmhainní digiteacha agus ar
dheiseanna foghlama

inspiring **SCIENCE**

education

www.inspiringscience.eu



‘Sé an misean atá ag foireann Inspiring Science Education ná soláthar a dhéanamh ar acmhainní digiteacha agus ar dheiseanna do mhúinteoirí chun cabhrú leo oideachas na heolaíochta a dhéanamh níos tarraingthí agus níos baintí le saol na ndaltaí.

Is trí shuíomh idirlín de chuid Inspiring Science Education, chomh maith leis na gníomhachtaí atá á n-eagrú ag na pairtnéirí, a bheidh múinteoirí in ann cabhrú le daltaí a gcuid fionnachtain eolaíochta a aimsiú, feiniméin nádúrtha agus eolaíochta a fheiscint agus a thuiscint, agus teacht ar na h-uirlisí idirghníomhacha agus acmhainní digiteacha is déanaí ina gcuid seomraí ranga.

Tá múinteoirí spreagthacha ag croílár teagasc na heolaíochta rathúla. Dá bhfiafrófaí de aon eolaí a ghnóthaigh an duais Nobel, cérbh é/í an duine is mó a spreag iad chun tabhairt faoin eolaíocht, go hiondúil d’fhreagrófaí “mo Mhúinteoir Eolaíochta”! Cad iad na saintréithe, dá réir sin, atá ag an múinteoir eolaíochta spreagthach? Sin ceann de na cruacheisteanna atá ar intinn againn a réiteach sa tionscnamh Inspiring Science Education. Is chuige sin a bheidh ceardlanna agus malartuithe á n-eagrú, pobail cleachtadh agus deiseanna foghlamtha á gcur ar fáil do mhúinteoirí eolaíochta agus oiliúnóirí múinteoirí, a chabhróidh leo bealaí a aimsiú le bheith níos spreagthaí i mbun múineadh na h-eolaíochta.

Tá sé mar aidhm ag foireann an tionscnaimh rannpháirtíocht láidir a bheith ag múinteoirí eolaíochta na h-Eorpa sa tionscnamh. Beidh gníomhaíochtaí píolótacha ar siúl i 5000 bunscoil agus meánscoil i cúig thír déag san Eoraip. Le linn do na scéimeanna píolótacha, a bheith ar siúl beidh teacht ag na múinteoirí ar ionsabhlúcháin idirghníomhacha, cluichí oideachasúla chomh maith le feidhmchláir eEolaíochta. Beidh deis ag na múinteoirí

iadsan a chomhtháthú le gníomhaíochtaí seach-churaclaim, ar nós turasanna ar ionaid eolaíochta agus ar pháirceanna fionnachtana, maraon le cuairteanna fóirúla ar ionaid taighde.

Beidh deis freisin ag múinteoirí teacht ar shaotharlanna cianda agus ar líne, agus cásanna ábhartha le h-úsáid sa seomra ranga. Spreagfar na daltaí eUirlisí agus acmhainní digiteacha a úsáid chun Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (na h-ábhair STEM) a fhoghlaim ar bhonn phraicticiúil, iomaíoch agus corraitheach.

‘Siad na príomh spriocanna atá ag an tionscnamh Inspiring Science Education ná


- rochtain ar fhearais idirghníomhacha ar líne agus ar acmhainní digiteacha ó gach aird den domhan gur féidir a úsáid chun eolaíocht a mhúineadh
- teimpléadaí, cásanna agus modheolaíochtaí a thacóidh le múinteoirí eolaíochta agus oiliúnóirí múinteoirí ina n-iarrachtaí a gcleachtais múinteoireachta a bheith níos spleodraí, níos spraoiúla agus níos ábharthaí do mhic-léinn
- árdán gur féidir le mic-léinn agus múinteoirí araon múineadh na h-eolaíochta a thógaint as an seomra ranga agus a úsáid i bhfoghlaim sheach-churaclam
- éagsúlacht eUirlisí agus acmhainní digiteacha a sholáthraíonn deiseanna do dhaltaí comhoibriú lena chéile (laistigh nó lasmuigh den seomra ranga) nó le daoine eile lasmuigh den seomra ranga
- bealaí inar féidir le mic-léinn a bheith páirteach i gníomhaíochtaí taighde eolaíochta
- gréasán láidir tacaíochta do mhúinteoirí


Pairtnéirí

Tionscnamh uile-Eorpach is ea Inspiring Science Education a thugann páirtnéirí le chéile ó 15 tír Eorpach, mórán eolaithe i réimse an Oideachais Eolaíochta ina measc.

Seo iad sinne:

- ATiT, Belgium
- Bulgarian Research and Education Network, Bulgaria
- Cardiff University, United Kingdom
- Consiglio Nazionale Delle Ricerche, Italy
- Croatian Academic and Research Network – CARNet, Croatia
- Dublin City University, Ireland
- Ellinogermaniki Agogi Scholi Panagea Savva, Greece
- European Physical Society
- Fraunhofer Institute for Applied Information Technology FIT, Germany
- Helsingin Yliopisto Uhelnsinki, Finland
- Humboldt-Universität Zu Berlin, Germany
- Institute of Accelerating Systems and Applications, Greece
- Institute of Educational Policy, Greece
- International University of La Rioja, Spain
- Intrasoft International, Luxembourg
- Learnit3d, United Kingdom
- NUCLIO - Núcleo Interativo de Astronomia, Portugal
- Open Universiteit Nederland, Netherlands
- Open University Guglielmo Marconi, Italy
- SETApps, Greece
- Siveco, Romania
- The Serious Games Institute - Coventry University, United Kingdom
- Tiedekeskussäätiö Heureka, Finland
- Universiteit Utrecht Netherlands
- University of Bayreuth, Germany
- University of Piraeus Research Center, Greece
- Velti, Greece
- Vernier Technology (Europe), Ireland





Tá an tionscnamh Inspiring Science Education dírithe ar úirlisí a chur ar fáil chun múineadh na h-eolaíochta a dhéanamh níos dúshlánaí, níos spleodraí agus thar aon rud eile, níos samhlaíoch agus níos ionsparáidí do mhic-léinn an lae inniu, saoránaigh an domhain amárach. Oibrigh linn chun cabhrú leo saol níos fearr a chruthú do gach duine.

Eolas faoi mhaoiniú

Tá maoiniú faighte ag an tionscnamh Inspiring Science faoi Chlár Tacaíochta Beartais TFE an Aontas Eorpaigh, mar pháirt de Chreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht. Léiríonn an foilsíúchán seo tuairimí an údair amháin agus níl an Aontas Eorpach freagrach as aon úsáid a bhainfeadh as an eolas atá ann.



Ar mhaith leat a bheith linn, nó eolas a fháil fúinn?

Más maith, féach ar ár suíomh idirlín: www.inspiringscience.eu nó déan teagmháil linn go díreach ag information@inspiringscience.eu